2024/2553

1.10.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2553 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Aibreán 2024

maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhósaimbíc maidir le stádas Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mozambique)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 37 de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) agus (6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1143 ([1]) lena mbunaítear Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mozambique).

(2) An 15 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1818 ([2]), lena seoltar EUTM Mozambique.

(3) An 4 Samhain 2021, d'údaraigh an Chomhairle Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Mhósaimbíc le haghaidh Comhaontú d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le stádas EUTM Mozambique.

(4) Rinneadh comhaontú a chaibidil idir an tAontas agus Poblacht Mhósaimbíc ar bhonn an údaraithe a dheonaigh an Chomhairle an 4 Samhain 2021.

(5) Ba cheart an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhósaimbíc maidir le stádas Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mozambique) a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhósaimbíc maidir le stádas Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mozambique) thar ceann an Aontais ([3]).

Airteagal 2

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú, chun an tAontas a cheangal.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Aibreán 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

H. LAHBIB

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/1143 ón gComhairle an 12 Iúil 2021 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc) (IO L 247, 13.7.2021, lch. 93).

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/1818 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2021 lena seoltar Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc) (IO L 368, 18.10.2021, lch. 5).

([3]) Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2024/2552, 1.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/agree_internation/2024/2552/oj.